FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

Faisnéis atá le cur ar fáil de bhun Airteagal 5(2)

Bunú Grúpála Eorpaí um Chomhar Críochach (GECC)

(Rialachán (AE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19))

(2023/C 84/03)

I.1 **Ainm, seoladh agus pointe teagmhála**

Ainm cláraithe: Agrupamento Europeu de Cooperação Territorial Eurocidade Porta da Europa

Ceannoifig: Edifício da Alfândega, 6355-217 Vilar Formoso, an Phortaingéil

Pointe teagmhála: Miguel Pinto, camara@cm-almeida.pt

I.2) **Fad na Grúpála**

Fad na Grúpála: tréimhse nach fios cá fhad di

Dáta clárúcháin: 17.2.2023

II. CUSPÓIRÍ

Is iad seo a leanas na cuspóirí atá ag comhar *Eurocidade Porta da Europa*:

a) tograí comhpháirteacha a fhorbairt lena sainaithneofar na príomhfhadhbanna agus na príomhshrianta san fhorbairt eacnamaíoch agus lena dtabharfar aghaidh orthu trí bhearta nua chun gníomhaíocht eacnamaíoch, cruthú post agus an comhrac i gcoinne an dídhaonraithe i gcríocha GECC a chur chun cinn, rud lena n-áiritheofar comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta, agus na tograí sin a chur in iúl do rialtais an dá thír ionas go bhféadfaidh siad obair i bpáirt le chéile chun beartais phoiblí a shainiú agus a chur chun feidhme, sin agus chun tacaíocht a fháil ón Aontas;

b) An cóineasú institiúideach, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil a chothú sna críocha atá cumhdaithe ag GECC, agus úsáid á baint as "éifeacht na teorann" mar dheis don fhorbairt chríochach agus shocheacnamaíoch, agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 á n-urramú san am céanna;

c) sásraí a bhunú chun na críocha a bhainistiú agus a nuachóiriú, sásraí a mbeidh sé de bhua acu na daoine a choinneáil san áit agus a mhealladh ann, dinimic fostaíochta a chruthú agus a chomhdhlúthú agus inbhuanaitheacht na n-infheistíochtaí in earnáil tháirgiúil an gheilleagair a áirithiú;

d) fiontraíocht áitiúil agus nuálaíocht chríochach a spreagadh mar bhonn faoin bhforbairt chríochach chomhtháite, agus, ar an dul sin, an t-iomaíochas eacnamaíoch, inbhuanaitheacht an chomhshaoil, an dea-chaoi atá nasctha le comhtháthú sóisialta a chothú, mar aon le cruthú gnó agus cruthú post a spreagadh agus infheistíocht a mhealladh;

e) bearta a chur chun feidhme chun deireadh a chur le costais chomhthéacsúla a ghearrann pionós ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh áitiúla nó bearta a chur chun feidhme chun na costais sin a íoslaghdú;

f) sásraí a fhorbairt lena gcuirtear chun cinn an geilleagar ciorclach, comhtháthú leanúnach eolais nua sa chóras eacnamaíoch, comhtháthú iomaíoch sa gheilleagar domhanda, mar aon le húsáid modhanna digiteacha;

g) an caidreamh idir na chomhaltaí a spreagadh, rud a bheadh bunaithe ar chomhlántachtaí, ar acmhainní inginiúla agus ar stair na cómhaireachtála le céad bliain anuas, sin agus samhail de shaoránacht na hEorpa a chur chun cinn a bheadh dírithe ar shochair choiteanna agus ar cheartas sóisialta;

h) iarrachtaí agus acmhainní a cheangal le chéile trí chomhphleanáil agus trí chomhbhainistiú trealaimh, seirbhísí agus bonneagair atá ann faoi láthair, nó a bheidh ann arís, sna críocha atá cumhdaithe ag GECC, agus úsáid na nithe sin a chur chun cinn mar uirlis chun cómhaireachtála i measc an phobail;

i) cláir agus tionscadail um chomhar críochach atá á gcómhaoiniú ag an Aontas Eorpach a chur chun feidhme agus a bhainistiú; conarthaí agus comhaontuithe eile a chur chun feidhme agus a bhainistiú d'fhorbairt na ngníomhaíochtaí uile a d'fhéadfadh leas a bhaint as na hionstraimí airgeadais a ndéanann an dá thír a nglacadh agus a bhforáil;

j) spreagadh a thabhairt d'acmhainneacht na n-ithreacha tionsclaíocha agus do tharraingteacht na gnólachtaí agus iad a chur chun cinn;

k) na limistéir thraidisiúnta trádála atá ar chríocha GECC a athbheochan trí bhíthin seirbhísí tacaíochta trádála áitiúla agus ionaid siopadóireachta amuigh faoin aer a thabhairt ar an bhfód;

l) féachaint le seirbhísí iompair phoiblí áitiúla idir na príomh-GECCanna a fheabhsú, agus ar an dul sin an tsoghluaisteacht a chur chun cinn mar shlat tomhais ar úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní atá ann cheana;

m) scrúdú a dhéanamh an bhféadfaí stádas an "oibrí teorann" a chur chun feidhme agus a aithint;

n) sásraí agus cláir choiteanna a chur chun feidhme chun na córais riarachán agus an bonneagar atá sna limistéir trasteorann a nuachóiriú;

o) ábhar dhátheangach a chruthú i limistéar GECC, agus an t-ábhar sin a chur chun cinn, go háirithe i dtaca le soláthar na seirbhísí;

p) cláir chomhpháirteacha oiliúna a chur chun feidhme – trí bhíthin comhaontuithe agus prótacail le heintitis sa chóras eolaíochta agus teicneolaíochta, sin agus le comhlachtaí oiliúna agus le comhlachtaí ábhartha eile – faoin gcreatlach ghnó atá ann, d'fhonn tacú le tionscadail nuálacha a chur chun feidhme, le sealbhú scileanna nua agus acmhainní daonna a cháiliú, rud lena ndíreofar ar oibrithe dífhostaithe agus oibrithe gníomhacha nó ar oibrithe féinfhostaithe;

q) comhpháirtíochtaí a spreagadh idir na hionaid éagsúla oiliúna agus oideachais atá i láthair ar chríocha GECC, i ndlúthchomhar le húdaráis áitiúla eile, d'fhonn comhthionscadail a fhorbairt;

r) comhordú na n-acmhainní teorann i ndáil leis an gcosaint shibhialta a neartú, agus an tslándáil a neartú chomh maith, trí theagmhálacha a chur chun cinn agus a éascú idir na comhlachtaí inniúla ar thaobh na Spáinne agus ar thaobh na Portaingéile araon, d'fhonn acmhainní daonna agus acmhainní ábhartha a phleanáil agus a bhainistiú go comhpháirteach chun rioscaí a imghabháil agus chun gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chur á ndéanamh i gcás éigeandála nó tubaiste;

s) comhoibriú le lucht riaracháin sa dá thír chun cúram na sláinte a fheabhsú;

t) cláir chomhpháirteacha a bhunú chun gníomhaíocht eacnamaíoch a spreagadh, cláir a bheadh á neartú ag an gcaidreamh idir an Phortaingéil agus an Spáinn, sin agus de bharr rannpháirtíocht eagraíochtaí gairmiúla laistigh de GECC;

u) tairiscint seirbhísí poiblí a eagrú, rud a bheadh bunaithe ar "cárta euro-shaoránach" – an phríomhuirlis chun na tairbhí a bhaineann leis an gcómhaireachtáil a scaipeadh;

v) plean a fhorbairt le spreagadh a chur faoin turasóireacht maille le critéir don rialachas comhoibríoch, rud a ceapadh chun GECC *Eurocidade Porta da Europa* a chlaochlú agus ceann scríbe turasóireachta den chéad scoth a dhéanamh de, agus leas á bhaint as a chuid sainiúlachtaí coiteanna, sin agus as an stair comhroinnte atá san áit;

w) plean comhtháite le haontaí téamacha agus aontaí speisialaithe a fhorbairt chun acmhainní táirgiúla dúchasacha atá ann a chur chun cinn ar bhealach comhpháirteach agus d'fhonn fáltais na scálaí a ghiniúint;

x) gníomhaíochtaí seach-churaclaim bliantúla agus comhpháirteacha agus imeachtaí spóirt agus cultúrtha a eagrú chun oiliúint an aosa óig a chur chun cinn i gcleachtadh na hEora-shaoránachta;

y) imeachtaí Ibéaracha a thabhairt chun cinn i limistéar geografach GECC, imeachtaí a d'fhéadfadh turasóirí, cuairteoirí agus infheistíochtaí a mhealladh, sin agus idirphlé agus malartuithe trádála, cultúrtha agus gnó le gnólachtaí éagsúla a chothú;

z) na cinn atá ábhartha maidir le comhar trasteorann agus comhar idir-réigiúnach, agus inniúlachtaí inmheánacha gach comhalta de *Eurocidade Porta da Europa* á n-urramú san am céanna, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) de Rialachán GECC ([1]).

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1082/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le grúpáil Eorpach um chomhar críochach (EGTC) (IO L 210, 31.7.2006, lch. 19).

III. SONRAÍ BREISE MAIDIR LE HAINM NA GRÚPÁLA

IV. COMHALTAÍ

IV.1) **Líon iomlán na gcomhaltaí sa Ghrúpáil** :4

IV.2) **Náisiúnachtaí na gcomhaltaí atá sa Ghrúpáil:** ES, PT

IV.3) **Faisnéis faoi na comhaltaí** ([2])

Ainm oifigiúil: Município de Almeida
Seoladh poist: Praça da Liberdade, nº 8, Almeida, 6355-130 an Phortaingéil
Seoladh gréasáin: https://www.cm-almeida.pt/
Cineál ballraíochta: comhlacht áitiúil

Ainm oifigiúil: Ayuntamiento de Fuentes de Oñoro
Seoladh poist: Plaza España, 1, Fuentes de Oñoro, 37480 España
Seoladh gréasáin: https://ayuntamientofuentesdeonoro.com/
Cineál ballraíochta: comhlacht áitiúil

Ainm oifigiúil: Ayuntamiento de Ciudad Rodrigo
Seoladh poist: Plaza Mayor, 27, Ciudad Rodrigo, 37500 España
Seoladh gréasáin: https://www.ciudadrodrigo.es/
Cineál ballraíochta: comhlacht áitiúil

Ainm oifigiúil: Freguesia de Vilar Formoso
Seoladh poist: Rua do Externato, nº 11, Vilar Formoso, 6355-265 Portugal
Seoladh gréasáin: http://www.jf-vilarformoso.pt/
Cineál ballraíochta: comhlacht áitiúil

([2]) Cuir isteach an fhaisnéis seo a leanas i gcás gach comhalta.